An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC) agus RTÉ don bhliain 2009

Achoimre

Ba é líon na ngearán a chuir an BCC ar aghaidh chuig RTÉ in 2009 ná 423. Is é seo an naoú bliain as a chéile a raibh líon na ngearán a fuarthas níos airde ná líon na ngearán a fuarthas an bhliain roimhe sin. Tá na figiúirí do 2009 díchumtha áfach de bharr go dtagraíonn 144 de na gearán do chraoladh amháin agus do leithscéal ina dhiaidh sin (tuairisc nuachta ar scigphictiúr Brian Cowen). Má bhaintear iad sin as an áireamh bhí laghdú ar líon na ngearán ar an mbliain roimhe sin. Ba iad líon na ngearán a seasadh leo in 2009 ná 4. Is laghdú suntasach é sin ar 2008 nuair a seasadh le 18 gearán. D'fhéadfadh go n-ardódh an figiúr deiridh do na gearáin ar seasadh leo maidir le cláir a craoladh in 2009 ó tharla gur tháinig Coiste Géilliúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) in áit an BCC sa ráithe deiridh de 2009. Níor bhreithnigh an Coiste Géilliúlachta aon ghearán maidir le cláir RTÉ in 2009 agus dá bhrí sin tugadh riaráiste gearán ar aghaidh in 2010.

Líon Gearán BCC a fuair RTÉ

2009	**423**
2008	**333**
2007	**261**
2006	**208**
2005	**182**
2004	**165**
2003	**101**
2002	**70**
2001	**30**

Nádúr na nGearán

Cuireann an BCC/BAI sraith catagóirí ar fáil faoinar féidir gearáin a dhéanamh.
Féadfaidh na gearánaithe catagóir amháin nó níos mó a roghnú, dá bhrí sin tá líon iomlán na gcatagóirí níos mó ná líon iomlán na ngearán. I roinnt cásanna nuair nach úsáidtear an fhoirm ghearán oifigiúil, cinneann an BCC/BAI cén catagóir a mbíonn feidhm leis.

2009
Neamhchlaontacht/Oibiachtúlacht/Cothroime 253
Caighdeáin Clár (lena n-áirítear Caoinbhéasa agus Cuibheas) 133
Míchruinneas 33
Cóid Fógraíochta 29
Príobháideachas 23
Dlí agus Ord 8
Béadchaint 1

Tháinig neamhchlaontacht in áit Caoinbhéasa agus Cuibheas mar an mórchúis gearáin in 2009. Bhí ardú suntasach i líon na ngearán a d'éiligh sáruithe ar phríobháideachas in 2009 (23, suas 9 ar 2008) ach níor seasadh le ceachtar acu.

Gearáin a Réitíodh

As na 423 gearán a chuir an BCC/BAI ar aghaidh chuig RTÉ in 2009 réitíodh nó tarraingíodh siar 269 acu nuair a fuair na gearánaithe aighneachtaí RTÉ, breithíodh 104 gearán faoi aschur RTÉ in 2009 agus níor seasadh ach le 4 acu. Bhí an chuid eile fós gan réiteach ag deireadh 2009.

Gearáin ar seasadh leo in 2009

2009 4
2008 18
2007 17
2006 5
2005 17
2004 5

Seasadh le 4 gearán in 2009 (thagair 2 acu do chlár amháin).

This is Nightlive **(Teilifís RTÉ Two) Sárú ar Chód Chaighdeáin Clár**
2 gearán

Colm and Jim-Jim Breakfast Show **(Raidió RTÉ 2FM) Sárú ar Chód Chaighdeáin Clár**

The Late Late Show **(Teillifís RTÉ One) Sárú ar riachtanas neamhchlaontachta mar gur thug rannpháirtí formhuiniú polaitiúil ag druidim leis na toghcháin áitiúla.**

Gearáin ó na Rannáin Aschuir

Bhí an Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha freagrach as formhór na ngearán in 2009. Chuir an BCC/BAI 233 gearán ar aghaidh maidir le haschur Nuachta agus Cúrsaí Reatha i rith na bliana.

Fuarthas 97 gearán ón Rannán Teilifíse (tagraíodh 48 do léirithe intí, 38 do léiriúcháin neamhspleácha agus 11 do chláir faighte). Áirítear 4 gearán faoi chur chun cinn leis an gcatagóir seo.

Fuarthas 59 gearán* ón Rannán Raidió.

Rinneadh 29 gearán faoi Fhógraíocht (16 fógra raidió agus 13 fógra teilifíse).

Chomh maith leis sin rinneadh 2 ghearán faoi chraoladh Chlog an Aingil, dhá ghearán faoi Chraoltaí an Coimisiún Reifrinn agus gearán amháin faoi RTÉ.ie.

(* Tá cláir raidió Cúrsaí Reatha ar nós *Today with Pat Kenny, Liveline* agus *Drivetime* mar chuid d'aschur an Rannáin Raidió).

Cláir a fhaigheann an líon is mó gearán (seachas Nuacht)

***Prime Time/Prime Time Investigates* 32**
***Gerry Ryan Show* 24**
***The Late Late Show* 24**
***Today with Pat Kenny* 16**
This is Nightlive 9

Ilghearáin faoi chraoltaí aonair

Tuairisc nuachta ar scigphictiúr Brian Cowen 9
Leithscéal nuachta don tuairisc ar an scigphictiúr 135
Prime Time FÁS Caisleán an Bharraigh 21 (claonadh in aghaidh duine aonair aitheanta nach maireann, ó dhaoine den teaghlach den chuid is mó)
Tuairisc nuachta ar shiopadóireacht san Iúr le linn stailc na hearnála poiblí (10) claonadh
Fógra Sábháilteacht ar Bhóithre 7 (éilimh go raibh an fógra gnéasaíoch)
Late Late Show 7 (ráitis an láithreora faoi dhaoine gorma agus brisdamhsa)